

Polasaí ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta

Réasúnaíocht

Cuireadh an polasaí seo le chéile mar go gcaithfidh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a theagasc mar pháirt den churaclam agus chun cuidiú leis an fhoireann scoile agus na tuismitheoirí an t-ábhar a chur ós comhar na bpáistí.

An Gaol le Spiorad Sainiúil na Scoile

Bíonn meon agus atmaisféar dearfa scoile ann má luacháiltear gach duine aonair. Má bhíonn meas ar agus má dhéantar cúram ar. Cuireann atmaisféar dá leithead seo le múineadh agus foghlaim éifeachtach agus le fíorchumarsáide taobh istigh agus taobh amuigh den scoil.

Chun meon agus atmaisféar dearfa a chruthú tá sé ar intinn againn:

- cumarsáide taobh istigh den scoil a mhéadú.
- freastal ar riachtanais ar leith.
- timpeallacht fhisiceach a chuireann le sláinte a chruthú.
- próisis dhaonlathach a fhorbairt.
- féinmheas a mhéadú.
- meas ar ilghnéitheacht a chothú
- teagmháil oiriúnach idir baile agus scoil a fhorbairt.
- teanga chuimsitheach ómósach a chothú.
- cur chuige scoile i leith measúnaithe a fhorbairt.

Aidhmeanna

Seo a leanas na h-aidhmeanna atá ag an scoil maidir le Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta:

- mothú cúraim agus measa ina leith féin agus i leith daoine eile a chothú sa pháiste mar aon le léirthuisicint ar dhínit an uile dhuine.
- forbairt phearsanta agus fholláine an pháiste a chur chun cinn.
- sláinte an pháiste a chur chun cinn agus bunús don bheatha shláintiúil ina gnéithe iomadúla a chur ar fáil.
- a chur ar chumas an pháiste cinntí agus roghanna gaoiseacha a dhéanamh maidir le gnéithe sóisialta, pearsanta agus sláinte an tsaoil anois agus amach anseo.
- mothú freagrachta sóisialta, gealltanais do shaoránach ghníomhach rannpháirteach agus léirthuisicint ar an saol daonlathach a fhorbairt sa pháiste.

- a chur ar chumas an pháiste ómós a thabhairt d'éagsúlacht dhaonna is cultúir agus nádúr idirspleách an domhain a chiallú agus a léirthuisint.

Ábhar an Pholasáí

Cearta múinteoir

Faoi láthair níl na múinteoirí sásta an t-ábhar a theagasc iad féin. Iarrfar a duine dochtúir/altra teacht isteach leis na ceachtanna seo a dhéanamh.

Cearta tuismitheoir

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta mar pháirt den churaclam leasaithe. Moltar go h-ard go nglacfaidh gach páiste páirt ann. Má tá deacracht ag tuismitheoir le seo déanfar iarracht déileáil leis go neamhfhoirmiúil agus muna bhfuil siad sásta go fóill déanfar socrúithe go dtógfaidh na tuismitheoirí an pháiste as an rang nuair atá an ceacht ar siúl.

Suímh ilranganna

Déanfar an t-ábhar a theagasc do Rang a 6.
Déanfar an ceacht a mhúineadh do na buachaillí agus ansin do na cailíní.

Aibíocht éagsúla

Má bhíonn páiste le riachtanais speisialta sa rang. Páiste nach bhfuil ar an leibhéal ceanna aibíocht leis an chuid eile den rang déanfaidh muid é a phlé lena gcuid tuismitheoirí agus déanfaimid iarracht theacht ar réiteach.

Bosca ceiste

Déanfar an físeán a thaispeáint do na tuismitheoirí ar tús. Moltar díofa labhairt le na gcuid páistí faoi ábhar an físeán. Má tá na tuismitheoirí sásta taispeánfar an físeán do na páistí sa rang. Déanfar plé ar an méid a bhí sa físeán agus beidh bosca ceiste sa rang. Beidh seachtain ag na páistí chun a gcuid ceisteanna a chur sa bhosca. Déanfaidh an múinteoir na ceisteanna oiriúnach a fhreagairt sa chéad ceacht Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta eile.

Bunrialacha

Go dtuigfidh na páistí gur eolas speisialta é seo agus nach bhfuil cead acu a bheith a phlé le páistí níos óige sa chlós.

Nochtadh

Dá ndéanfadh páiste eolas a nochtadh maidir le rud éigin a tharla díofa. Leanfaidh na múinteoirí na treoirlínte atá leagtha amach sa Polasaí do Chosaint Páistí.

Critéir Rathúlachta

Cén dóigh mbeidh a fhios againn go bhfuil sé ag obair?

- breathnú an mhúinteoir.
- eolas óna tuismitheoirí.
- plé a dhéanamh leis an choiste.
- labhairt leis na páistí.